

## Fiche bliain ag spalpadh na Gaeilge

le Alex Hijmans

Alex Hijmans has written columns for several Irish language newspapers, including Tuairisc, as well as some books. This is fairly remarkable, since he grew up in the Netherlands! He recently translated *Cré na Cille* into Dutch. In this article, which I found while decluttering, he recalls getting started with the Irish language. (Note: scanned and processed, typos are not out of the question.)

Rith sé liom, agus mé ag ní na ngréithre an tseachtain seo, go bhtuil fiche bliain glan ann ó d'fhoghlaim mé mo chéad abairt i nGaeilge.

“Dia duit,” a dúirt an múinteoir.

“Dia is Muire duit,” a d'fhreagair an rang.

“Dia is Muire duit is Pádraig,” a dúirt an múinteoir.

“Dia is Muire duit is Pádraig is Naomh Columba,” a d'fhreagair an rang, óir bhí muid i nGleann Cholm Cille.

Samhradh na bliana 1993 a bhí ann; caint gan stad gan staonadh sa teach lóistín ina raibh mé ag tanacht faoi ráfla go gcuirfí tús go luath le cainteanna síochána i dTuaisceart Éirinn. Ba bheag suime a bhí agamsa, buachaill ocht mbliana déag d'aois as an Ollainn, sa chaint seo. Bhí suim agam sa leacht dubh Tigh Robhartaigh agus sa teanga a bhí á foghlaim agam cúpla céad slat siar an bóthar, ag Oideas Gael.

D'aon ghnó a luaigh mé ag barr an ailt seo gur le linn dom a bheith ag ní na soithí a rith sé liom gur ball de phobal na Gaeilge mé le scór bliain anuas an samhradh seo - mar is rud é mo bhallraíocht sa phobal seo atá chomh nádúrtha dom nach gcuimhním air ar chor ar bith de ghnáth.

Ach thiar i 1993 b'ábhar iontais a bhí sa bhuachaill Ollainneach i measc na bhfoghlaimeoirí eile sa rang, toisc nach raibh ceangal fola ná eile agam le hÉirinn. Cuireadh an cheist orm an uair sin agus cuireadh orm céad míle uair ó shin í: “Cén fáth ar theastaigh uait an Ghaeilge a fhoghlaim?” Tá freagraí éagsúla ar an gceist sin, ach an ceann is simplí ná ‘toisc gur theastaigh uaim.’

### Fostaíocht

Buachaill rud beag ceandána a bhí ionam, ceart go leor. Is cuimhin liom go maith nár cheap m'athair ag an am go mbeadh aon mhaith sa Ghaeilge dom, go proifisiúnta. Ní toisc gur teanga mhionlaithe í, ach toisc gur duine ón iasacht a bhí ionamsa. “Dóibh féin amháin a thabharfaidh muintir na hÉireann pé postanna a bhíonn le fáil,” a dúirt sé.

Bhí dul amú air. Bhí an Tíogar Ceilteach ann, ar ndóigh - thosaigh sé sin ag búireach faoin am ar chríochnaigh mise mo chéim ollscoile - ach níor fhulaing mé aon leatrom fostaíochta (nó eile) ó mhuintir na hÉireann riamh. A mhalairt.

Sin ráite, fiche bliain ó shin, ní fhéadfainn féin a shamhlú ach an oiread go mbeadh postanna agam i gceithre cinn de sheomraí nuachta Gaeilge agus go scríobhfainn ceithre leabhar sa teanga - gan trácht ar chaife dátheangach, Bananaphoblacht, a rith.

## **An Réadúlacht**

Más abhóg éiginnte a bhí sa chúrsa Gaeilge úd i nGleann Cholm Cille (agus sna cinn a rinne mé an dá shamhradh ina dhiaidh) bhí dóchas ag baint leis freisin. Cosúil le cuid mhór foghlaimoirí bhí aislingí ábhairín miréadúla agam ag an am faoi athréimniú na Gaeilge mar phríomhtheanga na hÉireann agus a leithéid. Is cuimhin liom go ndúirt Liam Ó Cuinneagáin, stiúrthóir Oideas Gael, linn ag an am gur ábhar ceiliúrtha a bheadh ann dá bhféadfaí an méid Gaeilge a bhí fágtha in Éirinn an tráth sin a choinneáil beo.

Teachtareacht rud beag ghruama ach stuama o bhí sa mhéad seo d'fhear óg a mbíodh brionglóidí lae aige faoi thodhchaí gheal Ghaelach. Ach ag an am céanna, i ngan fhios dó féin, thug Liam sampla dom de cad is féidir le duine a bhaint amach má chuireann sé croí agus anam isteach i gcúis, i dtogra saoil.

Dhá chúrsa samhraidh eile a rinne mé ag Oideas Gael sular thug idirmhalartú ollscoile a fhad le Gaillimh mé, áit a mbeadh cónaí orm ar feadh an chuid ba mhó den dhá bhliain déag a chaithfinn in Éirinn ina dhiaidh sin. Tháinig blas an iarthair ar mo chuid Gaeilge, ach go dtí an lá atá inniu ann tá daoine ann a chloiseann iarsmaí ón nGleann ar mo chuid cainte. Sampla amháin: cé go raibh mé 'sa bhaile' i nGaillimh, ní dhéarfainn go brách go raibh mé 'sa mbaile' ann, mara déarfadh muintir na háite.

Áiféis a bheadh ann a rá gurb é Gleann Choim Cille mo 'bhaile' in Éirinn, toisc nach bhfuil aithne agam ach ar bheirt nó triúr san áit. Ach motháim ceangal láidir leis an nGleann toisc gurbh ann a cuireadh tús leis an gcaidreamh saoil atá agam leis an nGaeilge. Ceangal, táim cinnte, a mhothaíonn na mílte daoine ar fud na cruinne.